Preasráiteas - 23 Bealtaine 2022

Beidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe ag óstáil sraith d'imeachtaí chun Lá na hAfraice 2022 a cheiliúradh
I gcomhar leis an bhFoireann Lá na hAfraice sa Roinn Gnóthaí Eachtracha, beidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe ag ceiliúradh Lá na hAfraice 2022 arís. Reáchtálfar sraith d'imeachtaí agus de thionscnaimh, arna tacú ag Cúnamh Éireann sa Roinn Gnóthaí Eachtracha agus i gComhairle Cathrach na Gaillimhe, chun Lá na hAfraice 2022 a chomóradh.

Tá Lá na hAfraice i gCathair na Gaillimhe tar éis dul ó neart go neart ó tugadh isteach den chéad uair é, agus tá na heagraithe ag súil go mbeidh sé ar an gceann is fearr fós. Is lá é chun cultúir, bia agus pobail na hAfraice a cheiliúradh. I mbliana reáchtálfar an clár is mó a bhí ann riamh agus beidh imeachtaí ag tarlú fud fad na tíre. Beidh imeachtaí aghaidh ar aghaidh á n-eagrú i mbliana den chéad uair ó 2019.

Dúirt an tAire Stáit um Cúnamh Forbartha Thar Lear agus Diaspóra, Colm Brophy TD: "Tá pobal Afracach spleodrach ag cur go mór leis an tír ar bhealaí éagsúla le roinnt ama anois. Tá borradh tagtha ar na healaíona, ar an gcultúir, ar an ngnó agus ar fhorbairt phobail trí dhaoine ar tháinig a sinsir as an Afraic. Is éard atá i gceist le Lá na hAfraice ná aitheantas a thabhairt don mhéid sin, agus cultúr agus acmhainn na mór-roinne tríd is tríd a cheiliúradh.

"Tar éis dhá bhliain d'imeachtaí ar líne, tá áthas orainn go bhfuilimid ag dul ar ais go dtí imeachtaí aghaidh ar aghaidh go náisiúnta. Tid an obair atá á déanamh ag Cúnamh Éireann leis na húdaráis áitiúla beidh pobail ar fud na tíre ábalta taitneamh a bhaint as Lá na hAfraice. Tá lúcháir orm go mbeidh Lá na hAfraice 2022 ar an gceann is mó a cheiliúramar riamh."

Ós rud é gur féile í atá bunaithe sa phobail, beidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe ag tacú le roinnt grúpaí áitiúla na pleananna atá acu do Lá na hAfraice a thabhairt chun críche, pleananna a bhfuil mar aidhm acu íomhá dearfach den Afraic a chur chun cinn; oidhreacht chultúrtha bhríomhar na hAfraice a chomóradh, mar aon leis an méid atá curtha ag daoine atá de bhunadh Afracach leis an tsochaí anseo. Beifear ábalta taitneamh a bhaint as deiseanna iontacha chun tuilleadh a fhoghlaim faoi na bealaí éagsúla dearfacha a théann Cathair na Gaillimhe i dteagmháil le pobal na hAfraice i nGaillimh.

Tá sé beartaithe ag Gaillimh Afracach Aontaithe Lá na hAfraice a cheiliúradh i bPáirc Bhóthar na Trá ar 28 Bealtaine 2022 ó 2pm go dtí 6pm le seó Leictreach ina mbeidh ceol, ealaín, siamsaíocht agus bia. Beidh an bhéim i Lá na hAfraice 2022 i mbliana ar an gcomhoibriú láidir atá ann idir na heagraíochtaí Afracacha go léir i nGaillimh chun taispeántas a chruthú ina léireofar aontacht agus comhtháthú.

Ceiliúrfaidh 'Diaspóra Afracach na Gaillimhe' Lá na hAfraice i mbliana le comhoibriú ó na heagraíochtaí Afracadh go léir chun taispeántas a chruthú ina léireofar aontacht agus comhtháthú. Tá an-obair déanta ag S.O.S Óige Congólach/Gaillimh, Gaillimh Afracach Aontaithe, Diaspóra Afracach na Gaillimhe Shining Light, agus Raidió GoCom Radio (craoladh beo) chun féile iontach a chruthú ina gcuirfear Gaillimh i láthair mar chathair Chultúir agus mar Chathair na dTreibheanna.

Beidh roinn bunscoileanna ar fud chathair na Gaillimhe ag glacadh páirte sa chlár 'Taispeáin an Cárta Dearg don Chiníochas', atá á eagrú an an Oifigeach Forbartha de chuid an FAI. Díreofar an clár seo ar dhaltaí i ranganna a 5 agus a 6, agus taispeánfar físeáin chun an cuimsiú a chur chun cinn. Mar chuid den chlár, déanfaidh gach scoil taighde roimh ré ar stair na hAfraice mar thionscadal ranga.

Beidh cruinniú mullaigh agus seó talainne á reáchtáil ag AMDALAH, an Fhondúireacht Afracach, a dhíreoidh ar an nuálaíocht, an t-ionchuimsiú, ar dhaoine óga a chumasú chun bunathrú forbarthach a chur chun cinn. Beidh comhpháirt oideachasúil ag gabháil leis ina léireofar áilleacht na hAfraice trí chur i láthair dar teideal – An Afraic nár Chualta Tú Riamh Faoi. Cuirfidh an cruinniú mullaigh ardán dinimiciúil ar fáil do dhaoine óga chun go nglacfaidh siad páirt i gcomhráite criticiúla agus idirghníomhacha i seisiúin dhíospóireachta. Cuirfidh siad tionscadail i láthair, pléifidh said cúrsaí, agus cuirfidh siad aithne ar dhaoine eile trí ghníomhaíochtaí agus trí chluichí spraoiúla.

Ar deiridh, eagróidh Shining Light cluiche sacair cairdiúil leis na Gardaí pobail áitiúla i nGaillimh ar 23

Bealtaine ag Club Sacair Chnoc na Cathrach. Tá baint acu freisin sa phleanáil atá ar bun don phríomhimeacht do Lá na hAfraice a reachtálfar ar 28 Bealtaine ag Bóthar na Trá mar aon le ceiliúradh Lá na hAfraice don aos óg a reachtálfar i leabharlann an Bhaile Bháin ar 25 Bealtaine 2022.

Gach bliain ceiliúrtar Lá na hAfraice ar 25 Bealtaine chun saibhreas na gcultúr Afracach a chomóradh mar aon leis an méid atá curtha ag daoine de bhunadh Afracaigh le saol na hÉireann. Is iad Cúnamh Éireann sa Roinn Gnóthaí Eachtracha i gcomhar le hambasáidí Afracacha in Éirinn agus le húdaráis áitiúla ar fud na tíre a eagraíonn an comóradh.

Le haghaidh tuilleadh eolais féach www.AfricaDay.ie agus www.galwaycity.ie
Teagmháil: Emma Johnston, An Rannóg Phobail, Comhairle Cathrach na Gaillimhe.
Teil: 091 536538